

Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Leabhrán Faisnéise 4 **Comhaltaí agus Scairshealbhóirí**

Fógra Cinnidh D/2011/1

Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

Comhaltaí agus Scairshealbhóirí

faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009

Fógra Cinnidh D/2011/1

Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

Comhaltáí agus Scairshealbhoirí

faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009

Ráiteas Cóipchirt

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC) cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Mar sin féin i gcomhlíontas na Rialachán in I.R. 279 de 2005 (Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid) mholann OSFC an faisnéis uile a tháirgeann sí a athúsáid.

Ceadaítear dá réir atáirgeadh agus/nó athúsáid an doiciméid seo faoi réir an cheadúnais PSI is deireanaí atá ar fáil ag www.psi.gov.ie. Ceadaítear duit an doiciméad seo nó an fhaisnéis inti a athúsáid saor in aisce i bhformáid ar bith ar choinníoll:

- go mbeidh an fhaisnéis a atáirgfear cruinn;
- gur chun críche dleathaí nó cuí a bhainfear úsáid aisti;
- go n-admhófar go soiléir foinse na faisnéise agus an chóipchirt;
- nach é príomhchúis le hathúsáid na faisnéise fógraíocht nó bolscaireacht a dhéanamh thar ceann táirge nó seirbhís faoi leith.

Ráiteas Séanta

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar léiriú de nó ar son OSFC maidir lena léirmhíniú cinntitheach ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009 nó maidir le léirmhíniú údarásach ar dhlí ar bith.

Ba chóir comhairle dlí neamhspleách a lorg maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacfaidh an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freagracht nó dliteanas ar bith is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

1.0	Réamhrá	4
2.0	Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Comhaltaí agus Scairshealbhóirí	5
2.1	Cad is Comhalta ann	5
2.2	Cad is Scairshealbhóir ann	5
2.3	Dualgais Chomhaltaí agus Scairshealbhóirí	5
2.4	Ceartha agus Cumhachtaí Comhaltaí agus Scairshealbhóirí	6
2.4.1	Aistriú Scaireanna	6
2.4.2	Ceart chun Díbhinn a fháil	6
2.4.3	Ceartha Reachtúla Réamhcheannaigh Scairshealbhóirí (Cuideachtaí Príobháideacha amháin)	6
2.4.4	Ceart bheith Rannpháirteach i bhFoirceannadh	7
2.4.5	Ceartha maidir le Cruinnithe Comhaltaí	7
	■ Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB)	8
	■ Cruinnithe Ginearálta Urghnácha (CGU)	8
	■ Rúin	9
	■ Ceart chun Fógra Cruinnithe a fháil	9
	■ Vótaíochtaí	9
	■ Seachvótálaithe	10
2.4.6	Ceart Comhaltaí chun Faisnéis a fháil	11
2.4.7	Cumhachtaí Comhaltaí i gcás Mhainneachtain na Cuideachta	11
2.4.8	Ceart Comhaltaí Iarratas a Dhéanamh chun Cuideachta a baineadh de Chlár na gCuideachtaí a chur ar ais ar an gClár	11
2.4.9	Ceart Comhaltaí Imscrúdú Cuideachta a Iarraidh	12
2.4.10	Ceart Achainí a Dhéanamh chun Cuideachta a Fhoirceannadh	12
2.4.11	Ceart Achainí ar Fhaoiseamh a Dhéanamh i gCásanna Leatroma	13
3.0	Pionóis faoi Achtanna na gCuideachtaí	13
3.1	Pionóis maidir le Coireanna Coiriúla	13
	Pionóis a Fhorchuireann an Chúirt	13
3.2	Pionóis Shibhialta	14
	Dícháiliúchán	14
	Srianadh	14
	Baint de Chlár na gCuideachtaí	14
4.0	Seoltaí Úsáideacha	15
Aguisín A	Cineálacha Scaireanna	16
	Réamhrá	16
	Gnáthscaireanna	16
	Scaireanna Tosaíochta	16
	Scaireanna Infhuascailte	16
	Scaireanna Bónais	16

1.0 Réamhrá

Tá forálacha leithne in Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009 ina sonraítear conas cúrsaí cuideachta a stiúradh. Tá cur síos sna forálacha sin ar conas is ceart do rannpháirtithe éagsúla i gcuideachtaí a ndualgais agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Ina theannta sin tugtar cearta agus cumhachtaí suntasacha do rannpháirtithe lena chur ar a gcumas a gcearta a dhearbhu agus más gá a leasanna príobháideacha agus/nó corparáideacha a chosaint.

Tá an Stiúrthóir um Fhorfheidmiú Corparáideach den tuairim gur deacair do go leor de na rannpháirtithe neamhghairmiúla i gcúrsaí cuideachta bheith eolasach faoi na cearta atá acu agus faoi na hoibleagáide atá orthu faoin dlí toisc méid na gceangal in Achtanna na gCuideachtaí. Ba é sin go páirteach ba chúis le caighdeán neamhdhóthanach maidir le comhlíontas dhlí na gcuideachtaí san am atá thart.

Sonraítear in Alt 12(1)(b) den Acht um Fhorfheidmiú Dlí Cuideachtaí, 2001 go bhfuil sé d'fheidhm ag an Stiúrthóir comhlíontas Achtanna na gCuideachtaí a spreagadh *“to encourage compliance with the Companies Acts”*. Is i gcomhchuibheas leis an sainchúram sin d'eisigh an Stiúrthóir sraith de leabhráin faisnéise. Eisíodh na Leabhráin Faisnéise sin den chéad uair i mí na Samhna 2001 agus san eagrán seo de na leabhráin tugtar chun dáta athruithe ar an dlí go deireadh na bliana 2010. Is ann do leabhráin faisnéise maidir leis na hábhair a leanas:

Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí

Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí Cuideachta

Leabhrán Faisnéise 3 – Rúnaithe Cuideachta

Leabhrán Faisnéise 4 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí

Leabhrán Faisnéise 5 – Iniúcháirí

Leabhrán Faisnéise 6 – Creidiúnaithe

Leabhrán Faisnéise 7 – Leachtaitheoirí, Glacadóirí agus Scrúdaitheoirí

De bhreis ar fhaisnéis ar na dualgais agus ar na cumhachtaí ábhartha tá faisnéis i ngach leabhrán maidir leis na pionóis a ngearrfar mura gcomhlíonfar na ceangail in Achtanna na gCuideachtaí; tá seoltaí agus pointí teagmhála úsáideacha iontu freisin.

Is ar an léitheoir neamhghairmiúil a bhíothas ag díriú le linn ullmhúcháin gach leabhrán d'fhonn fáil agus tuiscint níos fearr ar phríomhcheangail dhlí na gcuideachtaí a chinntiú.

Tá an Stiúrthóir um Fhorfheidmiú Corparáideach den tuairim go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh cibé duine aonair a fhaigheann na sochair agus na pribhléidí a ghabhann le bheith corpraithe feasach faoi na dualgais agus na freagrachtaí a ghabhann leo. Tá na leabhráin faisnéise ceaptha chun na dualgais agus leis na freagrachtaí atá air a chur i léire don duine aonair agus an léire sin a mhéadú.

Is mian leis an Stiúrthóir a shoiléiriú nár cheart go dtuigfí an treoir mar léirmhíniú cinnitheach dlíthiúil ar na forálacha ábhartha. Ina theannta sin ní mór a admháil gur féidir léirmhínithe difriúla a bhaint as an dlí. Ba chóir mar sin go mbeadh léitheoirí feasach faoi go mbíonn éiginnteacht i gceist maidir leis an léirtheiscint a baineann na Cúirteanna as an dlí nuair a fheidhmítear an dlí i leith imthosca sonracha cuideachtaí agus daoine aonair.

Tá sé tábhachtach go dtabharfadh léitheoirí dá n-aire i gcás go bhfuil amhras orthu maidir lena n-oibleagáide nó lena ndualgais faoin dlí gur chóir dóibh dul sa tóir ar chomhairle dlí nó chuntasáochta ghairmiúil neamhspleách de réir mar is cuí.

Tá sé ar intinn an Stiúrthóra an treoir a thabhairt chun dáta de réir mar a thagann athruithe ar dhlí na gcuideachtaí amach anseo. Cuirfidh sé fáilte freisin roimh aon tuairim maidir leis an ábhar atá ann sa chaoi is go mbeidh na heagráin a fhoilseofar as seo amach chomh faisnéiseach agus is féidir.

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidmiú Corparáideach

Deireadh Fómhair 2011

2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Chomhaltaí agus Scairshealbhóirí

2.1 Cad is Comhalta ann

Measfar gur aontaigh sínitheoirí tosaigh meabhrán comhlachais cuideachta go mbeadh siad ina ‘gcomhaltaí’ den chuideachta. Gach duine eile a aontóidh bheith ina chomhalta de chuideachta, agus a dtaifeadfar a (h)ainm i gclár na comhaltaí, beidh sé/sí ina chomhalta den chuideachta. Go bunúsach is duine é an comhalta a ghlacann páirt i gcaipiteal cuideachta agus atá cláraithe sa cháil sin.

Is clár é clár na gcomhaltaí nach mór do gach cuideachta a choinneáil¹. Ní mór an clár a choinneáil de ghnáth ag oifig chlárarithe na cuideachta. Féadfar é a choinneáil in áit eile (ach gan é a ligean taobh amuigh den Stát) chun críche uasdhátú etc. Éilítear ar gach cuideachta an áit a bhfuil an clár á choinneáil agus aon athrú ar an seoladh sin a chur in iúl do Chláraritheoir na gCuideachtaí.

Beidh fáil ar an gclár lena iniúchadh ag gach comhalta saor in aisce agus ag gach ball den phobail ach táille beag a íoc. Ní mór an t-eolas a leanas a bheith leagtha amach ann:

- ainmneacha na gcomhaltaí;
- seoltaí na gcomhaltaí;
- líon na scaireanna atá i seilbh gach comhalta (i gcás cuideachtaí a bhfuil scairchaipiteal acu);
- an dáta ar taifeadadh gach ainm duine sa chlár;
- an dáta ar scoir gach duine de bheith ina chomhalta den chuideachta.

2.2 Cad is Scairshealbhóir ann

Is duine é scairshealbhóir a bhfuil scair nó scaireanna aige/aici i gcuideachta. Ní mór go mbeidh scaireanna sa chuideachta ag comhalta cuideachta atá faoi theorainn scaireanna. I dtéarmaí praiticiúla beidh scairshealbhóir ina chomhalta den chuideachta níos minice ná a mhalairt. Ba chóir a thabhairt faoi deara áfach cé go mbeidh duine a cheannaíonn scaireanna i gcuideachta ina scairshealbhóir ó dháta an cheannaigh ní bheidh an duine sin ina chomhalta den chuideachta go dtí go mbeidh a (h)ainm taifeadta i gclár na gcomhaltaí.

Féadfaidh sé go gceadófar do chuideachta trína meabhrán agus trína hairteagail comhlachais cineálacha difriúla scaireanna a eisiúint ar féidir go ndéanann siad idirdhealú ar chearta scairshealbhóirí sa chuideachta.

Tá breis sonraí maidir leis na cineálacha scaireanna ar féidir a eisiúint leagtha amach in Aguisín A.

2.3 Dualgais Chomhaltaí agus Scairshealbhóirí

Príomhdhualgas comhalta atá ina scairshealbhóir i gcuideachta faoi dhliteanas teoranta a bhfuil scairchaipiteal aici is ea aon mhéid den phraghais cheannaigh a aontaíodh maidir leis na scaireanna a leithroinneadh air/uirthi agus atá fós gan bheith íoctha a íoc. Beidh an tsuim sin iníoctha i gcás go nglaoann an chuideachta ar chistí nó, in imthosca ina bhforáiltear faoi théarmaí eisiúna na scaireanna d’íocaíochtaí i dtráthchodanna ar dháta an íoca. Maidir le scairshealbhóirí i gcuideachta faoi dhliteanas neamhtheoranta, beidh siad faoi dhliteanas gan teorainn maidir le fiacha na cuideachta sa chás go bhfuil sí dócmhainneach, i.e. neamhábaltá a fiacha a íoc. Ba cheart don léitheoir dul i muinín Leabhrán Faisnéise 1 ina bpléitear Cuideachtaí le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le dliteanas teoranta agus neamhtheoranta agus maidir le scairchaipiteal.

¹ Alt 116 d’Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

2.4 Cearta agus Cumhachtaí Comhaltaí agus Scairshealbhóirí

Leagtar amach in airteagail chomhlachais chuideachta cumhachtaí na gcomhaltaí agus na cumhachtaí sin a tharmligeann stiúrthóirí na cuideachta do na comhaltaí.

De ghnáth foráiltear sna hairteagail go mbeidh gnó na cuideachta riartha ag na stiúrthóirí faoi réir fhorálacha airteagail an chomhlachais agus faoi réir cibé treoracha a thabharfaidh na comhaltaí i gcruinniú ginearálta.

Ní mór go mbeidh roinnt ábhar bunúsach a leithéidí athrú ar airteagail chomhlachais na cuideachta daingnithe ag na comhaltaí. Is féidir le comhaltaí an caidreamh idir iad agus na stiúrthóirí a athrú trí na hairteagail chomhlachais a leasú.

2.4.1 Aistriú Scaireanna

Is ionann agus maoin phearsanta inaistrithe scaireanna comhalta i gcuideachta. I gcuideachta phríobháideach áfach ní mór srianta a chur ar aistriúchán scaireanna (féach rannán 2.4 de Leabhrán Faisnéise 11e haghaidh tuilleadh faisnéise ar chuideachtaí príobháideacha). Cuirtear an srianadh sin chun feidhme de ghnáth trí chumhacht lánroghnach a dheonú ar stiúrthóirí cuideachta príobháidí chun diúltú aistriúchán scaireanna duine nach bhfuil faofa acu a chlárú agus/nó trína n-éileamh ar an scairshealbhóir ar mian leis a scaireanna a dhíol na scaireanna sin a thairgeadh lena ndíol do comhaltaí láithreacha na cuideachta ar an gcéad ásc.

2.4.2 Ceart chun Díbhinn a Fháil

Is éard is díbhinn ann dáileachán acmhainní áirithe na cuideachta ar a scairshealbhóirí (féach thíos). Is iad na stiúrthóirí amháin a fhéadfaidh díbhinní a bheartú. Sa chás go mbeartaíonn na stiúrthóirí díbhinn ní mór do na comhaltaí í a cheadú ina dhiaidh sin. Ní bheidh aon oibleagáid dhlíthiúil ar

chuideachtaí díbhinn a dhearbhuí fiú sa chás go bhfuil brabúis indáilte leordhóthanacha ar fáil mura n-éilítear go ndearbhófar í ina n-airteagail nó ina meabhrán chomhlachais. A thúisce a dhearbhfófar an díbhinn chríochnaitheach (murab ionann agus an díbhinn eastramhach) ar scair scairshealbhóra beidh an scairshealbhóir sin i dteideal íocaíochta agus i gcás neamhioca féadfaidh sé riaráistí a éileamh ón gcuideachta in imeachtaí dlí ar an dóigh chéanna ar féidir le gach gnáthchreidiúnaí fiach a éileamh.

Ní féidir díbhinn a íoc ach as brabúis chuideachta atá ar fáil le haghaidh dáiliúcháin. Is iad brabúis réadaithe carntha ghlana na cuideachta a chuirfear ar fáil le haghaidh dáileacháin. Ciallaíonn sin i dtéarmaí simplí nach féidir ach brabúis chomhiomlána na cuideachta lúide chailleanais a úsáid chun díbhinní a íoc. Ní féidir úsáid a bhaint as brabúis agus cúlchistí eile na cuideachta, mar shampla:

- brabúis neamhréadaithe, i.e. brabúis nach bhfuil fós criostalaithe, nó;
- scairphréimh, i.e. aon phréimh a mhuirearaítear de bhreis ar luach ainmnitheach scaire nó eisiúna

chun críche díbhinn a íoc.

Ní féidir le cuideachta phoiblí theoranta (plc) dáileachán a dhéanamh ach amháin sa chás nach lú a sócmhainní glana (i.e. sócmhainní lúide dhliteanais), i ndiaidh an dáileacháin ná méid comhiomlán a scairchaipitil ghlaoite agus a cúlchistí neamh-indáilte (is éard is cúlchiste neamh-indáilte ann cúlchiste áirithe nach gceadaítear a dháileadh, m.sh. scairphréimh).

2.4.3 Cearta Reachtúla Réamhcheannaigh Scairshealbhóirí (Cuideachtaí Príobháideacha Amháin)

Faoi Alt 23 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983 beidh ceart reachtúil 'réamhcheannaigh' ag comhaltaí láithreacha cuideachta príobháidí. Ciallaíonn sin sa chás go mbeidh scaireanna

nua á n-eisiúint i gcuideachta go mbeidh ceart uathoibríoch ar an gcéad diúltú ag na comhaltaí láithreacha maidir le ceannach na scaireanna sin i gcomhréir lena scairsheilbh láithreach. Dá bhrí sin beidh páirtithe seachas na scairshealbhoírí láithreacha i dteideal scaireanna nua-eisithe sa chuideachta a cheannach más rud é go ndiúltaíonn na scairshealbhoírí láithreacha a gcearta réamhcheannaigh a fheidhmiú.

Faoin scéim reachtúil réamhcheannaigh ní mór tairiscint na scaireanna do na scairshealbhoírí a fhógairt do na comhaltaí láithreacha ar an dóigh chéanna a bhfógraítear cruinnithe ginearálta agus ní mór tréimhse tairisceana nach lú ná aon lá fichead a chur ar fáil agus gan an tairiscint a tharraingt siar le linn an ama sin².

Is féidir na cearta réamhcheannaigh reachtúla atá leagtha amach thuas a dhiúltú tríd an meabhrán chomhlachais, trí na hairteagail chomhlachais nó trí rún speisialta na cuideachta (is éard is rún speisialta ann rún a nglacann 75% de na comhaltaí a vótálann leis). I gcás áfach go gcuirfear rún os comhair chruinniú na chuideachta chun na críche sin ní mór do na stiúrthóirí ráiteas scríofa a thabhairt do na comhaltaí de bhreis ar fhógra an chruinnithe ina míneoidh siad na fáthanna atá acu leis an imeacht ón scéim réamhcheannaigh reachtúil atá beartaithe.

Ní fhoráiltear do chearta réamhcheannaigh:

- i gcás sealbhoírí scaireanna tosaíochta (féach Aguisín A le haghaidh míniú ar scaireanna tosaíochta);
- i gcás gur leithroinnt scaireanna tosaíochta atá sa leithroinnt
- sa chás go mbaineann leithroinnt na scaireanna le scéim scaire fostaithe;

- i gcás go bhfuil an leithroinnt le hóc go hiomlán nó go páirteach i gcomaoin nach airgead tirim í;
- mar a luaitear thuas i gcás go gcealaítear feidhm alt 23 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983 i meabhrán nó in airteagail chomhlachais cuideachta príobháidí, nó trí rún speisialta de chruinniú ginearálta na cuideachta.

2.4.4 Ceart bheith Rannpháirteach i bhFoirceannadh

Tá an ceart ag scairshealbhoír bheith rannpháirteach i bhfoirceannadh cuideachta (is éard is foirceannadh ann deireadh rialta agus díscáoileadh na cuideachta dá thoradh). Ach na creidiúnaithe agus caiteachas an leachtaitheora bheith íoctha (is é an lechtaitheoir an duine a cheapar chun díscáoileadh na cuideachta a stiúradh) tabharfar ar ais do na scairshealbhoírí i gcomhréir lena scairsheilbh aon chistí a bheidh fágtha mura bhforáiltear dá mhalairt in airteagail an chomhlachais.

2.4.5 Cearta maidir le Cruinnithe Comhaltaí

Is iad comhaltaí na cuideachta a dhéanann rialú ar an gcuideachta ag a cruinnithe. Tá na príomhfhórlacha reachtúla maidir le cruinnithe cuideachta leagtha amach in ailt 131 go 146 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 (arna leasú). Ní mór go dtionólfadh gach cuideachta cé is moite de chuideachtaí aonchomhalta cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) agus nach mbeidh níos mó ná tréimhse chúig bliana dhéag idir CGBanna³.

2 Alt 23(7) agus 23(8) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (arna leasú).

3 Faoi fhórlacha Airteagal 8 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Teoranta Príobháideacha Aonchomhalta), 1994, (I.R. Uimh. 275 de 1994) is féidir leis an gcomhalta aonair de chuideachta phríobháideach teoranta aonchomhalta cinneadh a dhéanamh cruinniú ginearálta bliantúil na cuideachta a ligean thar ceal. Féach freisin Aguisín F le Leabhrán Faisnéise 1 le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le Cuideachtaí Príobháideacha Teoranta Aonchomhalta.

Cruinnithe Ginearálta Bliantúla

Is gnách ag CGB go mbreithneoidh cuideachta gnáthghnó, a leithéid:

- moladh na stiúrthóirí díbhinn a dhearbhu má tá moladh déanta;
- ráitis airgeadais, tuarascáil na stiúrthóirí agus tuarascáil an iniúcháora (más infheidhmithe);
- daoine a thoghadh mar stiúrthóirí in áit na stiúrthóirí a éiríonn as oifig;
- athcheapachán na n-iniúcháirí amach nó ceapachán iniúcháirí nua agus socrú luach saothair na n-iniúcháirí;
- gnó eile a leithéid leasú mheabhrán nó airteagail chomhlachais na cuideachta ar a dtugtar gnó speisialta (agus a theastaíonn go gcuirfear rúin speisialta ar an gclár – féach an rannán maidir le Rúin thíos).

Féadfaidh comhalta na cuideachta a iarraidh ar an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach CGB a ghairm, nó a ordú a ghairm sa chás go bhfuil sé thar téarma⁴.

Cruinnithe Ginearálta Urghnácha

Gach cruinniú cuideachta nach CGB é is Cruinniú Ginearálta Urghnách (CGU) é. Tig le stiúrthóirí CGU a ghairm de réir mar is cuí leo, mar shampla sa chás gur mian leo cead a fháil ó chomhaltaí sula dtéann said i mbun gníomhaíochta. Ina theannta sin beidh oibleagáid ar na stiúrthóirí CGU a thionól in imthosca áirithe, m.sh. sa chás go bhfuil sócmhainní glana na cuideachta (i.e. sócmhainní iomlána lúide dhliteanais iomlána) tite faoi bhun 50% nó níos lú dá scairchaipiteal glaoite⁵.

Is féidir le comhalta nó le roinnt comhaltaí cuideachta i gcomhpháirt a bhfuil nach lú ná 10% den scairchaipiteal glaoite íoctha sa chuideachta agus de na cearta vótála a ghabhann leis á shealbhú acu nó i gcás cuideachta nach bhfuil scairchaipiteal aici, nach lú ná 10% de chearta vótála na cuideachta, a éileamh ar stiúrthóirí na cuideachta CGU a ghairm. Maidir le cuideachta a thrádáiltear ar mhargadh rialaithe is féidir le comhaltaí a bhfuil nach lú ná 4% den chaipiteal íoctha acu cruinniú a éileamh. Leis sin a dhéanamh ní mór foréileamh sínithe a thaisceadh in oifig chláraithe na cuideachta ina luaitear aidhmeanna (i.e. cuspóir) an CGU⁶. Ach sin a bheith déanta ní mór do na stiúrthóirí CGU a ghairm laistigh de 21 lá ó dháta an fhoréilimh agus ní mór go dtionólfar an cruinniú laistigh de dhá mhí.

Mura ndéanfaidh na stiúrthóirí amhlaidh is féidir leis na foréilitheoirí nó duine ar bith díobh is ionadaí ar níos mó ná a leath de chearta vótála na bhforéilitheoirí cruinniú a ghairm; ní mór an cruinniú sin a thionól laistigh de thrí mhí ó dháta taiscthe an fhoréilimh. i gcás nach bhfuil sé praiticiúil cruinniú ginearálta a ghairm nó an cruinniú a stiúradh de réir airteagail an chomhlachais nó de réir Achtanna na gCuideachtaí is féidir le gach comhalta atá i dteideal vótáil ag an gcruinniú iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt agus féadfaidh an Chúirt a ordú cruinniú dá leithéid a thionól ar an dóigh is cuí léi⁷.

Féadfaidh an Chúirt a dhearbhu mar shampla gur féidir cruinniú a thionól agus gan ach comhalta amháin den chuideachta a bheith i láthair.

⁴ Alt 131(3) d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú).

⁵ Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1983.

⁶ Alt 132 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

⁷ Alt 135 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Rúin

Na cinntí a dhéanfaidh na comhaltaí ag cruinniú ginearálta déanfar trí rún iad. Ní mór go rithfear gach rún i gcomhréir le ceangail Achtanna na gCuideachtaí agus airteagail an chomhlachais. An chuid is mó den ghnáthghnó a dhéantar ag CGBanna (m.sh. measúnú ráitis airgeadais na cuideachta, toghchán na stiúrthóirí agus na n-iniúcháirí etc.) is trí ghnáthrún a dhéantar é; chuige sin ní theastaíonn ach móramh simplí, i.e. móramh de níos mó ná 50% de na comhaltaí a vótálann.

Bainfear úsáid as rúin speisialta chun gnó áirithe a dhéanamh ag CGUnna agus ag CGBanna, mar shampla airteagail an chomhlachais a athrú. Beidh móramh cáilithe de 75% de dhíth le haghaidh rúin speisialta⁸.

I gcás cuideachta aonchomhalta beidh nós imeachta ann trína ndéanfaidh comhalta aonair cinneadh i scríbhinn in áit an cheangail rún a rith.

Ceart chun Fógra Cruinnithe a Fháil

Ní mór fógra maidir le CGB a chur amach i scríbhinn 21 lá roimh ré ar a laghad. Maidir le CGU éilítear fógra 7 lá roimh ré i gcás cuideachtaí príobháideacha agus fógra 14 lá roimh ré i gcás cuideachtaí poiblí⁹. Éilítear fógra 21 lá roimh ré chun rún speisialta a rith mura n-aontóidh 90% de na comhaltaí le fógra níos giorra¹⁰. Féadfar an tréimhse 7 lá (cuideachtaí príobháideacha) a laghdú sa chás go n-aontaíonn na comhaltaí agus iniúcháirí na cuideachta i gcomhpháirt le fógra giorraithe dá leithéid. Ní mór fógra fadtréimhse de 28 lá a tabhairt sna himthosca a leanas:

- i gcás gur beartaíodh rún chun stiúrthóir a dhíbirt, mura bhforáiltear dá mhalairt in airteagail an chomhlachais¹¹, nó;
- i gcás go mbeartófar rún chun iniúcháir nua a chur in áit iniúchára atá in oifig nó go mbeartófar rún chun iniúcháir a dhíbirt sula mbeidh a théarma oifige istigh¹².

Le go mbeidh sé bailí ní mór go mbeidh cruinniú gairmthe go cuí trí fhógra, ní mór go mbeidh córam i láthair (i.e. íosmhéid comhaltaí), agus ní mór go rachaidh Cathaoirleach i gceannas ar an gcruinniú. Is gnách dhá chomhalta a bheith ar an gcóram i gcás cuideachta príobháidí agus trí chomhalta i gcás cuideachta poiblí. Ní mór don chuideachta rúin speisialta agus rúin shuntasacha áirithe eile a chur ar aghaidh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí laistigh de 15 lá ón dáta a ritheadh iad. I gcás go bhforáiltear amhlaidh in airteagail chomhlachais na cuideachta beidh rún i scríbhinn atá sínithe ag na comhaltaí uile atá i dteideal bheith i láthair ag cruinniú ginearálta agus ceart vótála acu maidir le rún dá leithéid chomh bailí agus chomh héifeachtúil céanna agus a bheadh dá rití an rún iarbhír ag cruinniú ginearálta.

Vótaíochtaí

I dTábla A den Chéad Sceideal d'Acht na gCuideachtaí, 1963 leagtar amach sraith chaighdeánach d'Airteagail Chomhlachais. Beidh sé de rogha ag cuideachta tráth corpraithe úsáid a bhaint as na hairteagail sin nó airteagail dá cuid féin a dhréachtú.

Foráiltear sna hairteagail chaighdeánacha go gcinnfear gach rún le comhaireamh láimh mura n-éileofar vótaíocht.

⁸ Ciallaíonn móramh cáilithe de 75% 75% de na vótaí a caitheadh (alt 141 Acht na gCuideachtaí, 1963).

⁹ Alt 133 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

¹⁰ Alt 141 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

¹¹ Alt 182(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

¹² Alt 161(1) d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú).

Leagtar amach ina dhiaidh sin sna hairteagail chaighdeánacha cé ar féidir leis agus cén t-am ar féidir vótaíochtaí a éileamh. Mura n-éileofar vótaíocht beidh dearbhú an Chathaoirligh gur ritheadh nó gur cailleadh rún ina fhianaise dochloíte maidir leis na himeachtaí.

Trí úsáid a bhaint as na hairteagail chomhlachais chaighdeánacha féadfar vótaíocht (vótáil) a éileamh mar a leanas:

- ag Cathaoirleach an chruinnithe, nó;
- ag ar a laghad trí chomhalta ina bpearsana féin nó trí ionadaigh¹³, nó;
- ag aon chomhalta nó comhaltaí a bheidh i láthair ina bpearsana féin nó trí seachvótálaithe agus a ionannóidh nach lú ná an deichiú cuid de chearta vótála uile na gcomhaltaí go léir a mbeidh ceart vótála acu ag an gcruinniú, nó;
- ag comhalta nó ag comhaltaí a bhfuil scaireanna acu a thugann ceart vótála agus ar íocadh suim chomhiomlán orthu is ionann agus 10% ar a laghad den tsuim iomlán a íocadh ar na scaireanna uile a thugann ceart vótála.

Ar ndóigh is féidir le comhaltaí na cuideachta téarmaí na n-airteagal comhlachais caighdeánach a athrú ar ionchorprú nó ina dhiaidh (ar choinníoll go mbeidh 75% de na comhaltaí aontaithe faoi). I gcás go ndéanfar leasú ar na hairteagail áfach maidir le cén uair is féidir vótaíocht a éileamh, beidh aon athruithe a dhéanfar ar neamhní más iarracht a bheidh iontu aon cheann de na héifeachtaí a leanas ar an dteidlíocht vótaíocht a éileamh¹⁴:

- eisiamh a dhéanamh ar an gceart vótaíocht a éileamh ag cruinniú ginearálta (seachas ar thoghadh Chathaoirligh agus ar an gcruinniú a chur ar athló, nó;

- éileamh a dhéanann aon cheann de na páirtithe a leanas a dhéanamh neamhéifeachtúil:
 - nach lú ná cúig chomhalta a bhfuil ceart vótála acu;
 - comhalta nó comhaltaí a ionannóidh nach lú ná an deichiú cuid de chearta vótála uile na gcomhaltaí go léir a mbeidh ceart vótála acu, nó;
 - comhalta nó comhaltaí a bhfuil scaireanna acu sa chuideachta a thugann ceart vótála, ar scaireanna iad ar íocadh suim chomhiomlán orthu is ionann agus nach lú ná an deichiú cuid den tsuim iomlán a íocadh ar na scaireanna uile a thugann an ceart sin.

Seachvótálaithe

Is féidir le duine ar bith atá i dteidil vótála ag cruinniú ginearálta den chuideachta ‘seachvótálaí’ a cheapadh. Is duine é an seachvótálaí a bheidh ainmnithe ag an gcomhalta chun bheith i láthair ag an gcruinniú agus chun ceart vótála an chomhalta a fheidhmiú thar a cheann. Beidh seachvótálaí i dteideal labhairt ag an gcruinniú thar ceann an chomhalta chomh maith. Faoi na hairteagail foirme caighdeánaí (mar a leagtar amach i dTábla A iad) beidh na forálacha a leanas infheidhmithe maidir le seachvótálaithe;

- Ní mór go mbeidh an seachvótálaí ainmnithe i scríbhinn agus go síneoidh comhalta an t-ainmniúchán thar ceann duine aonair;
- Más rud é go mbeidh an seachvótálaí ainmnithe thar ceann cuideachta ní mór an ceapachán a bheith stampáilte le séala na cuideachta;
- ní mór go mbeidh an ceapachán curtha ar fáil don chuideachta ar a laghad 48 uair an chloig roimh an gcruinniú.

¹³ Is duine é an seachvótálaí a bheidh ainmnithe ag an gcomhalta chun a cheart vótála a fheidhmiú thar a cheann – féach freisin an chéad rannán eile: Seachvótálaithe.

¹⁴ Alt 137 d’Acht na gCuideachtaí, 1963.

2.4.6 Cearta Comhaltaí chun Faisnéis a Fháil

Beidh ceart ar fhaisnéis áirithe maidir leis an gcuideachta ag an gcomhalta. Beidh cearta ag comhaltaí, *inter alia*:

- i. cóip a fháil den mheabhrán nó d'airteagail chomhlachais na cuideachta agus d'aon Acht an Oireachtais a athraíonn an meabhrán. Ba chóir do chomhaltaí ionchasacha meabhrán agus airteagail chomhlachais na cuideachta a léamh d'fhonn tuiscint a fháil ar a gcearta mar chomhaltaí agus ar rialacha agus ar chumhachtaí na cuideachta;
- ii. cóipeanna de mhiontuairiscí cruinnithe ginearálta agus de rúin a scrúdú agus a fháil;
- iii. cóipeanna de na cláir éagsúil atá á gcoinneáil ag an gcuideachta a scrúdú agus a fháil ar a n-áirítear clár na gcomhaltaí, clár na stiúrthóirí agus na rúnaithe agus clár léasann na stiúrthóirí agus na rúnaithe;
- iv. cóip a fháil de na ráitis airgeadais neamhghiorraithe, de thuarascáil na stiúrthóirí agus de thuarascáil an iniúchóra (más infheidhmithe);
- v. cóipeanna a fháil de na ráitis airgeadais neamhghiorraithe d'aon fhochuideachta maidir leis na deich mbliana a chuaigh roimhe.

2.4.7 Cumhachtaí Comhaltaí i gcás Mhainneachtain na Cuideachta

I gcás mhainneachtain na cuideachta nó aon duine dá hoifigigh aon fhoráil d'Achtanna na gCuideachtaí a chomhlíonadh féadfaidh comhalta fógra a sheirbheáil ar an gcuideachta ag éileamh uirthi an mhainneachtain a chur ina ceart laistigh de 14 lá. Má mhainníonn cuideachta nó aon oifigeach cuideachta an mhainneachtain a chur ina ceart féadfaidh comhalta iarratas ar ordú a chur chuig an Ard-Chúirt á ordú go gcuirfidh an chuideachta nó

an t-oifigeach an mhainneachtain ina ceart¹⁵. Tá sé de chumhacht ag an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas ar an leigheas sin a chur chuig an gCúirt.

2.4.8 Ceart Comhaltaí Iarratas a Dhéanamh chun Cuideachta a bhaineadh de Chlár na gCuideachtaí a chur ar ais ar an gClár

Is féidir le Cláraitheoir na gCuideachtaí cuideachta a bhaint de Chlár na gCuideachtaí sna himthosca a leanas:

- i gcás gur chlis ar an gcuideachta tuairisceán bliantúil a chur isteach;
- i gcás gur chlis ar an gcuideachta ráiteas sonraí a chur chuig na Coimisinéirí Ioncaim, nó;
- i gcás nach bhfuil gnó á sheoladh ag an gcuideachta.

I gcás go mbainfear cuideachta den chlár i ngeall ar loicadh tuairisceán bliantúil a chomhdú beidh an dliteanas, má tá dliteanas ann, ar gach stiúrthóir, oifigeach agus comhalta na cuideachta i gcónaí agus féadfar an dliteanas sin a fhorfheidhmiú amháil is nach raibh an chuideachta díscailte riamh¹⁶.

Más éagóir le haon comhalta (nó oifigeach nó creidiúnaí) na cuideachta go bhfuil an chuideachta bainte den chlár féadfaidh an té sin iarratas a chur chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí chun an chuideachta a chur ar ais ar an gClár taobh istigh de 12 mhí ón dáta ar baineadh de í. Ar choinníoll go bhfuil an Cláraitheoir sásta go bhfuil na doiciméad uile a bhí le comhdú comhdaithe agus go bhfuil na táillí uile a bhí fós le híoc íoctha féadfaidh sé an chuideachta a chur ar ais ar an gclár¹⁷. I gcás go gcuirfidh an Cláraitheoir an chuideachta ar ais ar an gclár measfar gurbh ann don chuideachta i gcónaí amháil is nár baineadh den chlár riamh í.

¹⁵ Alt 371 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

¹⁶ Alt 12B(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982.

¹⁷ Alt 12C(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982.

Tar éis chríoch na tréimhse 12 mhí dá dtagraítear thuas is féidir le haon chomhalta, (nó oifigeach nó creidiúnaí) na cuideachta iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt an chuideachta a chur ar ais ar an gclár (ar choinníoll go ndéanfar an t-iarratas taobh istigh de 20 bliain ón dáta ar baineadh den chlár í). I gcás go mbeidh an Chúirt sásta go mbeadh sé ceart an chuideachta a chur ar ais ar an gclár measfar gurbh ann don chuideachta i gcónaí amháin is nár baineadh den chlár riamh í. Ach is féidir leis an gCúirt a ordú freisin má mheasann sí é bheith cuí go mbeidh na hoifigigh (nó duine ar bith díobh) faoi dhliteanas pearsanta maidir le haon fhiacha a thabhaigh an chuideachta le linn di bheith bainte den chlár¹⁸.

Maidir le Cuideachtaí Bainistithe Maoin Sealbhais chuir an tAcht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011 síneadh go dtí 6 bliana leis an bhfráma ama a bheidh infheidhmithe maidir le cuideachtaí a chur ar ais ar Chlár na gCuideachtaí¹⁹.

2.4.9 Ceart Comhaltaí Imscrúdú Cuideachta a Iarraidh²⁰

Féadfaidh comhaltaí cáilithe áirithe mar atá:

- céad comhalta cuideachta, nó;
- iadsan a bhfuil 10% nó níos mó acu de scairchaipiteal íoctha na cuideachta (nó i gcás cuideachta nach bhfuil scairchaipiteal aici, 20% ar a laghad de na comhaltaí)

iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt cigire amháin nó níos mó a cheapadh chun cúrsaí na cuideachta a imscrúdú agus tuarascáil a thabhairt fúthu. I gcás go gceapfaidh an Chúirt cigire sonrúidh sí go beacht na cúrsaí ar ar cheart imscrúduithe a dhéanamh. I gcás go ndéanfaidh comhaltaí iarratas dá leithéid féadfaidh sé go n-iarrfar orthu urrús a thabhairt chun costais an imscrúdaithe a chlúdach. Cigirí a cheapfar faoin alt sin gheobhaidh siad treoracha ón Ard-Chúirt agus tabharfaidh siad tuarascáil don Ard-Chúirt.

2.4.10 Ceart Achainí a dhéanamh chun Cuideachta a Fhoirceannadh

Tá sé de cheart ag comhalta achainí ar fhoirceannadh cuideachta a chur chuig an Ard-Chúirt ar roinnt foras²¹ (faoi réir eisceachtaí áirithe). De ghnáth feidhmeoidh comhalta an ceart sin sa chás mar shampla:

- go bhfuil bainistíocht na cuideachta i sáinn;
- nach féidir aidhmeanna na cuideachta a bhaint amach níos mó;
- go bhfuil aidhmeanna neamhdhleathacha ag an gcuideachta;
- go bhfuiltear ag baint úsáide as an gcuideachta mar ionstraim chalaioise;
- go bhfuil líon beag comhaltaí sa chuideachta nach mian leo gnó a sheoladh lena chéile níos mó.

¹⁸ Alt 12(B)(4) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1982.

¹⁹ Féadfaidh ceangail riaracháin eile bheith infheidhmithe ina leithéidí de chásanna. Tá breis faisnéise maidir leis sin ar fáil ó Oifig Chláraitheoir na gCuideachtaí, www.osfc.ie. Níl an tAcht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011 ina chuid de Acht na gCuideachtaí agus dá bhrí sin ní bheidh aon ról ag OSFC maidir le haon chuid den Acht sin a fhorfheidhmiú.

²⁰ Alt 7 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 arna leasú.

²¹ Alt 213 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

2.4.11 Ceart Achainí ar Fhaoiseamh a Dhéanamh i gCásanna Leatroma²²

Ní féidir le comhalta imeachtaí a thionscnamh chun cinneadh cuideachta a chur ar cheal i gcás go bhféadfadh tromlach na gcomhaltaí an cinneadh sin a dhaingniú. Is féidir le comhalta cuideachta áfach achainí ar fhaoiseamh a chur chuig an Ard-Chúirt sa chás go measann an comhalta sin go bhfuil cúrsaí na cuideachta á stiúradh nó go bhfuil cumhachtaí na stiúrthóirí á bhfeidhmiú ar dhóigh atá ag déanamh leatrom ar an gcomhalta sin nó ar aon chomhalta eile nó atá ag déanamh neamhaird dá leasanna mar chomhaltaí.

Is ionann iompar leatromach agus údarás na cuideachta a fheidhmiú ar dhóigh atá dochraideach, garbh agus mícheart. Ar na cineálacha iompair a d'fhéadfadh bheith ina chúis le feidhm dá leithéid tá idirbhearta calaoiseacha agus mídhleathacha, bainistiú leatromach agus eisiamh comhalta as bainistíocht na cuideachta.

Chun deireadh a chur le hiompar leatromach tá roghanna leithne ar fáil don Chúirt maidir leis na leighis ar féidir léi a ordú, ar a n-áirítear:

- ceannach scaireanna an achainígh nó an fhreagróra;
- ceannach na scaireanna ag an gcuideachta féin;
- cealú nó athrú idirbheart nó athrú ar dhoiciméid reachtúla.

3.0 Pionóis faoi Achtanna na gCuideachtaí

3.1 Pionóis maidir le Coireanna Coiriúla

Pionóis a Fhorchuireann Cúirt

Foráiltear do dhá chineál ciona coiriúil faoi Achtanna na gCuideachtaí, cion achomair agus cion indíotáilte. De ghnáth ní mheastar cion achomair a bheith an-tromchúiseach agus triailtear os comhair breithimh sa Chúirt Dúiche é gan giúiré. Is gnách go meastar cionta indíotáilte a bheith níos tromchúisí. Is féidir cionta indíotáilte a thriail ar an modh céanna a dtríailtear cionta achoimre, is é sin os comhair breithimh sa Chúirt Dúiche gan giúiré. Tá de dhifríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte áfach gur féidir cionta indíotáilte, as siocair a thromchúisí is atá siad a thriail sa Chúirt Chuarda chomh maith, is é sin le rá os comhair breithimh agus giúiré. Má théitear an bealach sin deirtear go n-ionchúisítear an cion indíotáilte ar díotáil.

I gcás go n-ionchúisítear cion ar díotáil, beidh na pionóis dá bhforáiltear faoin dlí ar ciontú i bhfad níos déine de ghnáth ná mar bheadh siad dá mba rud é go n-ionchúisítí an cion go hachomair.

Maidir le gnáth-uasphionós ar ciontú:

- i gcás cion achomair faoi Achtanna na gCuideachtaí, €1,904 agus/nó téarma príosúnachta 12 mhí, agus;
- i gcás cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí, €12,697 agus/nó téarma príosúnachta 5 bliana.

Ach foráiltear faoi Achtanna na gCuideachtaí freisin do phionóis i bhfad níos déine maidir le cionta áirithe, m.sh. trádáil chalaioiseach (€63,487 agus/nó téarma príosúnachta 7 mbliana ar ciontú ar indíotáilte) agus mí-úsáid mhargaidh (€10 milliún agus/nó téarma príosúnachta 10 mbliana ar ciontú ar indíotáilte).

²² Alt 205 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

3.2 Pionóis Shibhialta

Dícháilichán

I dteannta fineálacha agus pionóis foráiltear do bhearta sriantacha eile freisin faoi na hAchtanna. Daoine a chiontaítear ar díotáil i gcion indíotáilte a bhaineann le cuideachta nó a bhfuil calaois nó mí-ionracas ag roinnt leis dícháilítear iad go huathoibríoch chun gníomhú mar stiúrthóirí/oifigigh cuideachta (féach Aguisín B le Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí Cuideachta).

Chomh maith leis sin tig leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas ar dhícháiliúchán a chur chuig na Cúirteanna maidir le duine ar bith:

- atá ciontach i gcion amháin nó níos mó a bhaineann le loiceadh leabhair chuí chuntas a choinneáil, nó:
- atá ciontach i dtrí mhainneachtain nó níos mó faoi Achtanna na gCuideachtaí.

Srianadh

Beidh na forálacha a bhaineann le srianadh stiúrthóirí cuideachta infheidhme i leith cuideachtaí dócmhainneacha nach bhfuil in ann a bhfiacha a íoc de réir mar a bheidh a ré istigh. Sa chás go bhfuil cuideachta a chuirfear faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht²³ dócmhainneach, cuirfear srianadh ar feadh tréimhse suas go 5 bliana ar aon stiúrthóir den chuideachta a gcliseann air/uirthi a chruthú don Ard-Chúirt gur ghníomhaigh sé nó sí go macánta agus go freagrach.

²³ Is é an fheidhm atá ag leachtaitheoir sócmhainní na cuideachta a bhailiú agus a réadú, fiacha na cuideachta a ghlanadh, aon fharasbarr atá fágtha a dháileadh, cúrsaí na cuideachta a imscrúdú agus an chuideachta a díscaoileadh de réir an dlí. Is é feidhm an ghlacadóra sócmhainní áirithe na cuideachta a dhiúscairt d'fhonn fiach a aisíoc do chreidiúnaí m.sh. do bhanc. Féach Leabhrán Faisnéise 7 – le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi leachtaitheoirí.

Cuireann srianadh dá leithéid cosc ar dhuine ó bheith ina stiúrthóir nó ina rúnaí nó ó bheith páirteach i bhfoirmiú nó i gcur chun cinn aon chuideachta mura bhfuil sí caipitlithe go leordhóthanach. I gcás cuideachta phríobháideach is é €63,487 i scairchaipiteal leithroinnte íoctha an riachtanas caipitil, agus i gcás cuideachta phoiblí is é €317,435 é. Beidh cuideachta dá leithéid faoi réir rialacha níos déine freisin maidir le cothabháil chaipitil. Pléitear topaic an srianta go mion in Aguisín B le Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí Cuideachta.

Baint de Chlár na gCuideachta

I gcás loiceadh cuideachta oibleagáidí dlíthiúla áirithe atá uirthi a chomhlíonadh, m.sh. má chliseann uirthi tuairisceán bliantúil a chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí, tig leis an gCláraitheoir an chuideachta a bhaint de Chlár na gCuideachtaí.

I gcás go mbainfear cuideachta den chlár aistrefar sócmhainní na cuideachta go huathoibríoch chuig an Stát. Fanfaidh an chuideachta faoi úinéireacht an Stáit go dtí go gcuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár. A fhad is a bheidh sí bainte den chlár beidh gach stiúrthóir, oifigeach agus comhalta den chuideachta faoi dhliteanas i gcónaí agus féadfar an dliteanas sin a fhorfheidhmiú amhlaidh a dhéanfaí murar díscaoileadh an chuideachta²⁴.

Pléitear na nósanna imeachta is inleanta chun cuideachta a chur ar ais ar an gclár in Aguisín A le Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí.

²⁴ Alt 12B(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (arna leasú).

4.0 Seoltaí Úsáideacha

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

16 Cearnóg Pharnell

Baile Átha Cliath 1

Teil: 01 858 5800

Suíomh Idirlín: www.osfc.ie

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

14 Cearnóg Pharnell

Baile Átha Cliath 1

&

Bóthar Uí Bhriain

Ceatharlach

Teil: 01 804 5200

Suíomh Idirlín: www.cro.ie

Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Sráid Cill Dara

Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 631 2121

Suíomh Idirlín: www.djei.ie

Grúpa Athbheithnithe um Dhlí na gCuideachtaí

Lárionad Phort an Iarla

Sráid Hatch Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 631 2763

Suíomh Idirlín: www.clrg.org

Basis

Rochtain Gnó ar Fhaisnéis

agus ar Sheirbhísí Stáit

Suíomh Idirlín: www.basis.ie

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

Teach Willow

Páirc na Mílaoise

An Nás

Co. Cill Dara

Teil: 045 983600

Suíomh idirlín: www.iaasa.ie

Aguisín A

Cineálacha Scaireanna

Réamhrá

Beidh cearta agus dualgais chomhalta ag brath ar airteagail chomhlachais na cuideachta. Ní thiteann cearta áirithe ach do chomhaltaí atá ina scairshealbhóirí i gcuideachta. Ní mór go mbeidh scaireanna sa chuideachta ag comhalta cuideachta faoi theorainn scaireanna. I gcás go bhfuil scairchaipiteal ag cuideachta cheapfá go mbeadh combhionannas cearta ag na scaireanna uile ach féadfaidh an chuideachta ina meabhrán nó ina hairteagail chomhlachais cumhacht a chruthú chun cineálacha éagsúla scaireanna a eisiúint ar a n-áirítear gnáthscaireanna, scaireanna tosaíochta agus scaireanna infhuascailte.

Gnáthscaireanna

Is gnách go ngabhann ceart vótála le gnáthscaireanna. I gcás go bhfoirceantar cuideachta is gnách go mbíonn sé an ceart ag gabháil leo bheith rannpháirteach in aon fharasbarr maoinne (i.e. nuair a bhíonn na creidiúnaithe uile díscailte) thar an méid socraithe atá infheistithe acu ó thús ina scaireanna.

I gcás go bhfuil leibhéal ualaithe nó difriúla cumhachta vótála ag gnáthscaireanna ach go bhfuil combhionannas teidlíochta ag gabháil leo maidir le díbhinní agus le caipiteal, is gnách go roinntear ina n-aicmí iad, m.sh. Gnáthscaireanna Aicme A. Gnáthscaireanna Aicme B etc.

Scaireanna Tosaíochta

Gabhann cearta tosaíochta, maidir le díbhinn agus le caipiteal den chuid is mó, le scaireanna tosaíochta. Tugann scair a bhfuil tosaíochta léi maidir le díbhinn ceart do chomhalta ar íocaíocht díbhinne chun tosaigh ar an ngnáthscairshealbhóir. Is gnách go mbíonn teidlíocht scairshealbhóir tosaíochta ar dhíbhinn sainithe mar cheart ar chéatadán in aghaidh na bliana de mhéid ainmnithe na scaire.


Tugann scair a bhfuil tosaíocht léi maidir le caipiteal ceart do chomhalta a (h)infheistíocht chaipitil sa chuideachta a fháil aisíochta ina hiomláine sula bhfaighidh na scairshealbhóirí a gcaipiteal ar ais tráth an fhoirceanta.

Scaireanna Infhuascailte

Is éard atá i scaireanna infhuascailte scaireanna a bhfuil an chuideachta i dteideal a fhuascailt (i.e. a cheannaigh ar ais) ó na comhaltaí. I gcás go bhfuasclaítear scaireanna is gnách go gcealaíonn an chuideachta iad. Scair a choinnítear ag tráth na fuascailte áfach atá i scair chiste agus is féidir í a eisiúint in athuair ina diaidh sin.

Scaireanna Bónais

Is éard atá i scaireanna bónais scaireanna a eisítear chuig scairshealbhóirí i gcomhréir lena scairsheilbh láithreach. Eisítear iad mar scaireanna atá íochta ina n-iomláine, i.e. ní éilítear ar na scairshealbhóirí íoc astu. Is gnách go n-íoctar as brabúis charnaithe atá aistrithe go caipiteal, i.e. caipitlithe, iad.



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le bhagaidh eolas eile:

✉ **Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

16 Cearnóg Pharnell

Baile Átha Cliath 1

Éire

☎ 01 858 5800

Loghlao 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil
An English version of this booklet is available*